
SCÉAL RATHA

# FÓRAM AN TIONSCNAIMH EORPAIGH Ó NA SAORÁNAIGH

# MINORITY SAFEPACK – AON MHILLIÚN SÍNIÚ AR SON NA HÉAGSÚLACHTA SAN EORAIP



**FOGHLAIM** – PLÉIGH – NASCADH - COMHAIRLE A LORG

# CLÁR AN ÁBHAIR

Minority Safepack – aon mhilliún síniú ar son na héagsúlachta san Eoraip 3

An feachtas Minority SafePack 6


Tionchar an fheachtais Minority SafePack 12



# 1
# Minority Safepack – aon mhilliún síniú ar son na héagsúlachta san Eoraip

Cláraíodh an tionscnamh“Minority SafePack – aon mhilliún síniú ar son na héagsúlachta san Eoraip” an 3 Aibreán 2017, agus cuireadh tús lena thréimhse bliana le haghaidh bhailiú na sínithe ar an lá céanna. Lean clárú an Choimisiúin cinneadh tosaigh a glacadh i mí Mheán Fómhair 2013 chun clárú an tionscnaimh a dhiúltú, cinneadh a chuir Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh ar neamhní i mí Feabhra 2017.

D’iarr an tionscnamh ar an gCoimisiún 11 ghníomh dlí a mholadh chun feabhas a chur ar chosaint daoine ar de ghrúpaí mionlaigh náisiúnta agus teanga iad agus chun éagsúlacht chultúrtha agus teanga san Aontas a neartú. Dhírigh an tionscnamh ar théamaí lena n-áirítear teangacha réigiúnacha agus mionlaigh, oideachas agus cultúr, beartas réigiúnach, rannpháirtíocht, comhionannas, ábhar closamhairc agus ábhar eile sna meáin, agus tacaíocht réigiúnach (stáit). Is fiú a thabhairt faoi deara gur lasmuigh de chuimsiú na cumhachta atá ag an gCoimisiún reachtaíocht a mholadh a bhí i 2 cheann den 11 ghníomh a moladh. Mar thoradh air sin, níorbh fhéidir leis an tionscnamh ráitis tacaíochta a bhailiú ach amháin ar bhonn na 9 dtogra a bhí ag teacht le hinniúlachtaí an Choimisiúin.



Seo a leanas na naoi dtogra a chláraigh an Coimisiún Eorpach:

1. Moladh ón Aontas maidir le héagsúlacht chultúrtha agus teanga a chosaint agus a chur chun cinn
2. Cláir mhaoiniúcháin do phobail bheaga teanga
3. Lárionad Éagsúlachta Teanga a chruthú
4. Cosaint na mionlach náisiúnta agus cur chun cinn na héagsúlachta cultúrtha agus teanga a chur san áireamh i gcuspóirí chistí forbartha réigiúnaí an Aontais
5. Taighde ar an mbreisluach a chuireann mionlaigh leis an tsochaí agus leis an Eoraip
6. Comhionannas do mhionlaigh gan stát a chomhfhogasú, e.g. Romaigh
7. Dlí cóipchirt Eorpach amháin a bhunú, ionas gur féidir leas a bhaint as seirbhísí agus as craoladh sa teanga dhúchais
8. Saorghluaiseacht seirbhísí agus glacadh ábhair chlosamhairc sna réigiúin mhionlaigh
9. Blocdhíolúine le haghaidh tacaíocht réigiúnach (stáit) do chultúr, meáin agus caomhnú oidhreacht chultúrtha na mionlach

Tá na heagraithe den tuairim gur ionstraim riachtanach é an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh sa chomhrac ar son cearta mionlaigh. Dúirt siad gurb é “an t-aon uirlis láidir den daonlathas rannpháirteach san Aontas, lenar féidir guth shaoránaigh na hEorpa a mhéadú agus lena gcloisfear an guth sin sna hinstitiúidí Eorpacha”.

D’éirigh le “Minority SafePack” 1,123,422 ráiteas tacaíochta a bhailiú le linn na tréimhse bailiúcháin aon bhliain amháin. Maidir le tairseacha na mBallstát, d’éirigh leis an tionscnamh an líon sínithe is gá a bhaint amach i 11 Bhallstát.

Tar éis dheireadh chéim an bhailithe sínithe, cuireadh an tionscnamh tríd an bpróiseas fíoraithe sínithe agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh go foirmiúil é an 10 Eanáir 2020 (féach an phreaseisiúint). An 5 Feabhra 2020, bhuail na heagraithe le **Věra Jourová**, an Leas-Uachtarán um Luachanna agus um Thrédhearcacht de chuid an Choimisiúin agus le **Mariya Gabriel**, an Coimisinéir um Nuálaíocht, um Thaighde, um Chultúr, um Oideachas agus um an Óige.

Reáchtáladh éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa an 15 Deireadh Fómhair 2020 (féach an phreaseisiúint) agus




pléadh an tionscnamh ag seisiún iomlánach an 14 Nollaig 2020. Sa rún iardain a glacadh an 17 Nollaig 2020, chuir Parlaimint na hEorpa a tacaíocht don tionscnamh in iúl (féach an phreaseisiúint).

Le linn na céime sin, ba dhúshlán don tionscnamh é paindéim Covid-19. B'éigean an éisteacht phoiblí a chur siar faoi dhó agus mar gheall ar an bpaindéim bhí sé deacair cearta mionlaigh a choinneáil ar an gclár poiblí.

Ghlac an Coimisiún Teachtaireacht faoin tionscnamh an 14 Eanáir 2021 (féach an phreaseisiúint). Mar sin féin, ní raibh na heagraithe sásta le freagra an Choimisiúin. Mar fhreagairt ar an míshástacht sin, rinne siad iarratas le Cúirt Ghinearálta an Aontais an 24 Márta 2021 chun an Teachtaireacht ón gCoimisiún a chur ar neamhní.

Foinsí maoinithe (€)




## Na tosca is gá ionas go n-éireoidh le feachtas:

- Dúthracht ar son na cúise agus buanseasmhacht nuair nach bhfuil rudaí dul de réir an phlean bunaidh.
- Straitéis feachtais dhea-cheaptha a thagann leis an spriocphobal. Mar shampla, teagmháil a dhéanamh le daoine trí úsáid a bhaint as teangacha mionlaigh nuair a bhítear i mbun feachtais ar son cearta mionlaigh.
- Feachtasaíocht ghníomhach a dhéanamh ar an láthair i measc pobail áitiúla i mBallstáit éagsúla ach ag an am céanna, díriú ar institiúidí agus ar pholaiteoirí ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach.
- Comhpháirtithe láidre iontaofa a aithint don fheachtas.
- Foireann dhíograiseach thiomanta a thógáil.

# 2
# An feachtas Minority SafePack

## Ullmhúchán

Chuir grúpa eagraithe le chéile an tionscnamh 'Minority SafePack' ó na saoránaigh le tacaíocht ó Aontas Cónaidhme na Náisiúntachtaí Eorpacha (FUEN), Páirtí Phobal na Tioróile Theas, Comhaontas Daonlathach na nUngárach sa Rómáin agus Óige na Náisiúntachtaí Eorpacha. An smaoineamh a bhí acu aon mhilliún síniú a bhailiú agus tosaíocht a thabhairt do mhionlaigh agus do ghrúpaí eitneacha ar chlár oibre na hEorpa, ceapadh cheana féin é in 2011. Dhá bhliain a thóg an t-ullmhúchán roimh sheoladh tosaigh an tionscnaimh in 2013.[1]

Le linn na tréimhse ullmhúcháin sin, bhí na cuspóirí a bhí ar intinn ag na heagraithe soiléir. Bhí fonn ar leith orthu sraith tograí dlí a chur le chéile ina ndírítear ar**a gcuid éileamh a chur i bhfeidhm go daingean**. Chuige sin, d'eagraigh siad cruinnithe, chuaigh siad i gcomhairle le saineolaithe ar chearta dlíthiúla agus ar chearta mionlaigh, agus rinne siad iarrachtaí tacaíocht pholaitiúil a fháil ar leibhéil éagsúla. Chinntigh siad freisin go raibh**togra an tionscnaimh bunaithe ar Chonarthaí an Aontais agus go ndearnadh an fhoclaíocht a oiriúnú dá réir**[2].

Dúshláin bhreise le céim ullmhúcháin an tionscnaimh **ab ea an fócas leathan agus na haidhmeanna uaillmhianacha** a bhain leis. In ionad díriú ar shaincheist amháin, ba mhian leis an tionscnamh go gcuirfí san áireamh an iliomad fadhbanna a bhíonn ag mionlaigh thraidisiúnta i mBallstáit éagsúla agus go ndéanfaí iarracht teacht ar réitigh chuimsitheacha ar an líon mór saincheisteanna sin. Bhí aidhm i bhfad níos leithne ag an tionscnamh ná díreach aon mhilliún síniú a bhailiú. Go deimhin, bhí tús áite ar an gclár oibre ag díospóireacht sa spás poiblí Eorpach a spreagadh agus an tréimhse bliana a úsáid chun comhghuaillíocht láidir dhaingean a fhorbairt do chearta mionlaigh. Níor theastaigh ó na heagraithe teorainn a chur le sínithe a bhailiú i seacht mBallstát ach theastaigh uathu a dtionscnamh a chur i láthair san oiread réigiún Eorpach ab fhéidir.

Ní raibh céim an ullmhúcháin éasca do "Minority SafePack" toisc gur dhiúltaigh an Coimisiún Eorpach don chéad iarratas ar chlárú toisc go raibh na héilimh



1 https://www.fuen.org/ga/article/What-will-be-the-next-steps
2 https://www.fuen.org/ga/article/Expert-meeting-in-Brussels

a cuireadh chun cinn sa tionscnamh lasmuigh dá chumhachtaí gníomhartha dlí an Aontais a mholadh. Rinneadh agóid i gcoinne an chinnidh sin ón gCoimisiún os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Mar gheall air sin thóg sé roinnt blianta an tionscnamh a chlárú go foirmiúil, rud a tharla ar deireadh in 2017.

Rinne Aontas Cónaidhme na Náisiúntachtaí Eorpacha, brateagraíocht na mionlach Eorpach a bhfuil níos mó ná 100 eagraíocht as 35 thír páirteach inti, an feachtas a chomhordú. Mar phríomhchéimeanna le linn chéim an ullmhúcháin, d'oibrigh eagraithe ar straitéis shoiléir a fhorbairt, comhpháirtithe a shainaithint agus cistí a aimsiú chun an feachtas Eorpach a reáchtáil.

## Cur chun feidhme

Cuireadh tús le céim an bhailithe sínithe de "Minority SafePack" in Aibreán 2017. Rinneadh seoladh an fheachtais a cheiliúradh ag ócáid ag caisleán Bánffy sa Rómáin an mhí dár gcionn, le níos mó ná 400 duine ag teacht ó gach cearn den Eoraip agus os cionn 50 iriseoir ag clúdach na hócáide[3]. (Féach ar fhíseán de sheoladh an fheachtais anseo)

I ndiaidh an tseolta oifigiúil, thosaigh roinnt balleagraíochtaí agus comhpháirtithe i mBallstáit agus i réigiúin éagsúla a**g pleanáil agus ag eagrú a gcuid imeachtaí féin** chun tacú leis an tionscnamh[4]. Forbraíodh **straitéis feachtais uile-Eorpaigh** freisin, seoladh suíomh gréasáin nua a chuireann béim ar scéalta sothuigthe ó fud fad na hEorpa, sin agus leabhrán 'Minority SafePack' agus ábhar eile fógraíochta.

Le linn chéim an chur chun feidhme, **roinn na heagraíochtaí tacaíochta freagrachtaí eatarthu féin freisin**. Mar shampla, gheall Comhaontas Daonlathach na nUngárach sa Rómáin (RMDSZ) go mbaileoidís 250,000 den 1 milliún síniú a bhí ag teastáil.

D'fhonn a bpríomh-spriocghrúpaí (mionlaigh náisiúnta) a shroicheadh, rinne na heagraithe iarracht teachtaireachtaí a bhfeachtais a nascadh leis na fadhbanna éagsúla a bhíonn ag mionlaigh san Eoraip. Bhí sé tábhachtach pearsantú breise a dhéanamh ar na teachtaireachtaí, "mar go bhfuil mionlaigh éagsúla san Eoraip ag maireachtáil faoi chúinsí éagsúla, ag brath den chuid is mó ar an mBallstát ina bhfuil cónaí orthu; tá uathriail iomlán ag cuid acu i dtaca le cinntí i gcúrsaí a bhaineann leo, ach ní aithnítear cuid eile díobh go fiú. I gcás pobail a bhfuil fadhbanna acu, rinneamar iarracht na fadhbanna is práinní atá acu a shainaithint agus chuireamar an Minority SafePack faoina mbráid mar réiteach féideartha orthu".

D'aithin na heagraithe spriocghrúpa tábhachtach eile freisin, is é sin saoránaigh de Bhallstáit a bhfuil nasc láidir acu lena gcomhnáisiúnaigh a



3 https://www.fuen.org/ga/article/The-petition-campaign-for-the-Minority-SafePack-Initiative-started-in-Bonchida
4 https://www.fuen.org/ga/article/The-Minority-SafePack-Initiative-is-now-available-for-online-signatures

bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile, mar shampla an Danmhairg, an Ghearmáin nó an Ungáir.

Maidir le cur chun feidhme straitéis an fheachtais, **bhí sé ríthábhachtach ábhair a aistriú agus líon suntasach teangacha a úsáid**. Sa deireadh, bhí "Minority SafePack" i mbun cumarsáide i mbreis agus 30 teanga agus rinne na heagraithe cinneadh feachtas a dhéanamh freisin i dteangacha réigiúnacha nach bhfuil stádas oifigiúil acu san Aontas. Bhí tábhacht leis sin mar go labhraíonn suas le 50 milliún saoránach den Aontas teangacha réigiúnacha nó mionlaigh agus bhí sé mar sprioc go mbeadh gach saoránach Eorpach a bhaineann le mionlach náisiúnta nó le grúpa teanga in ann a bheith bainteach le croítheachtaireacht an tionscnaimh, go bhfreastalódh sé ar leas na bpobal agus gur infheistíocht a bheadh ann ar mhaithe le saol na nglúnta atá le teacht. Cuireadh na céadta teachtaireacht in oiriúint do na spriocghrúpaí éagsúla go rathúil: "Samhlaigh a bheith ar dhuine den 41 mhíle cainteoir Laidinise i dTuaisceart na hIodáile agus postáil le feiceáil as Laidinis ar an bhfotha meán sóisialta!"[5]

Bhí sé ríthábhachtach **tacaíocht láidir a fháil lasmuigh de na pobail mhionlaigh** ar fud na hEorpa freisin chun a chinntiú go n-éireodh leis an tionscnamh. Ba ghá teachtaireacht an fheachtais a léiriú go soiléir: "Táimid ar an taobh ceart. Níl sé i gceist againn aon rud a bhaint de na pobail tromlaigh!" mar a dúirt uachtarán an RMDSZ **Hunor Kelemen**[6]. Anuas air sin, ba mhór ag lucht eagraithe "Minority SafePack" rannpháirtíocht na ngrúpaí tromlaigh freisin mar gheall gur mian leo líonra láidir comhpháirtithe a chruthú le haghaidh "chomhghuaillíocht a d'fhágfadh nach bhféadfadh an Coimisiún Eorpach an tionscnamh a sheachaint ná éalú uaidh."

Theastaigh ó na heagraithe freisin a straitéis a chur chun feidhme ar leibhéal na hEorpa trí **thacaíocht ó cheannairí polaitiúla a lorg agus a fháil**. Chun é sin a dhéanamh, thaistil eagraithe agus thug siad cuairt ar go leor comhpháirtithe, institiúidí agus balleagraíochtaí i roinnt mhaith tíortha. Bhuail toscaireacht "Minority SafePack" le hIdirghrúpa Mionlaigh de chuid Pharlaimint na hEorpa chun an feachtas a phlé. D'iarr na heagraithe ar an Idirghrúpa cuidiú le teachtaireacht an tionscnaimh a scaipeadh laistigh den Pharlaimint. D'iarr siad ar na Feisirí daoine agus na meáin ina mBallstáit a chur ar an eolas faoin tionscnamh, agus cuidiú chun comhpháirtithe a aimsiú chun a chinntiú go mbeadh rath ar an tionscnamh. Gheall an comhchathaoirleach **Nils Torvalds** don toscaireacht go dtabharfadh sé tacaíocht don tionscnamh agus d'fhógair roinnt Feisirí go mbeadh siad rannpháirteach go gníomhach san fheachtas[7]. Bhí sé tábhachtach go mbeadh tacaíocht ag "Minority SafePack" laistigh de Chomhairle na hEorpa freisin. Chun an tacaíocht sin a chinntiú, thug toscaireacht "Minority SafePack" cuairt ar sheisiún an fhómhair de Thionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa in Strasbourg.

---

5 https://europa.eu/citizens-initiative-forum/blog/minority-safepack-advice-ongoing-initiatives-adapt-new-setting_ga
6 https://www.fuen.org/ga/article/FUEN-Congress-Cluj-NapocaKolozsvar-to-become-the-European-capital-of-minorities-in-May
7 https://www.fuen.org/ga/article/MEPs-engage-in-petition-campaign-for-the-Minority-SafePack-Initiative


## Bailiú na sínithe

Bhí rannchuidiú balleagraíochtaí, comhpháirtithe réigiúnacha agus phobal an tionscnaimh ríthábhachtach chun an t-aon mhilliún síniú a bhí ag teastáil a bhailiú. D'oibrigh foireann an fheachtais go gníomhach chun eolas a raibh géarghá leis a chur ar fáil agus chun dea-chleachtais agus straitéisí rathúla a roinnt lena líonra. Bhí Praesidium FUEN agus comhaltaí an Choiste Saoránach ar fáil i gcónaí chun cuairt a thabhairt ar na Ballstáit chun feasacht a mhúscailt. Mar sin féin, le linn chéim an bhailithe sínithe bhí gá leis an líonra ar leibhéal an ghnáthphobail chun scéalta agus teachtaireachtaí pearsanta a insint, agus chun a thaispeáint do phobail áitiúla gur tionscnamh é "Minority SafePack" a "d'fhéadfadh feabhas a chur ar ghnáthshaol na bpobal mionlaigh agus na 50 milliún saoránach de chuid an Aontais a bhaineann le grúpaí mionlaigh nó le grúpaí teanga".[8]


Mar chuid den chomhghuaillíocht láidir comhpháirtithe a cruthaíodh, bhí eagraíochtaí a bhí ag obair ar an ábhar a raibh taithí feachtasaíochta acu. Bhí ról lárnach ag na comhpháirtithe sin i mbailiú na sínithe go háirithe sa Liotuáin, sa Bhulgáir, sa tSlóivéin agus sa Spáinn. Chun go mbeadh na comhpháirtithe spreagtha ar feadh an fheachtais, roinn na heagraithe na garspriocanna a baineadh amach agus chinntigh siad go raibh cumarsáid leanúnach ann i measc chomhaltaí an líonra. Na Ballstáit ina bhfuil pobail mhóra mhionlaigh agus tíortha inar measadh go raibh cosaint na mionlach níos dúshlánaí, is orthu sin a díreoidh chun sínithe a bhailiú.

Socraíodh na coinníollacha teicniúla maidir le bailiú na sínithe i mí an Mheithimh 2017. Bhí rochtain ar fhoirmeacha páipéir agus ar an uirlis sínithe ar líne ar shuíomh gréasáin an fheachtais "Minority SafePack". I mí Mheán Fómhair, d'aistrigh eagraithe "Minority SafePack" chuig córas bailithe ar líne de chuid an Choimisiúin Eorpaigh mar gurbh fhearr a d'oir sé dá riachtanais.

Chomh maith leis an leas ab fhearr ab fhéidir a bhaint as an gcóras bailithe sínithe ar líne, bhí an tionscnamh ag brath go mór freisin ar shínithe a bhailiú **ar fhoirmeacha páipéir**. Rinne oibrithe deonacha an méid sin, mar shampla, a thosaigh ag dul ó dhoras go doras ina bpobail féin, ag cur an fheachtais faoi bhráid an phobail agus ag cabhrú le sínitheoirí an t-eolas riachtanach a líonadh isteach. Chuir na heagraithe béim ar an méid seo: "Is é an taithí atá againn ná go gcaithfimid dul ag taisteal, agus labhairt le daoine, chun sínithe a bhailiú."



8 https://www.fuen.org/ga/article/A-common-message-of-50-million-voices-and-your-personal-stories-The-winning-strategy-for-the-MSPI


Líon na ráiteas tacaíochta
(i gcló trom, tíortha inár sroicheadh an tairseach)
600,000
500,000
400,000
300,000
200,000
100,000
0
Austria
Belgium
Bulgaria
Croatia
Cyprus
Czechia
Denmark
Estonia
Finland
France
Germany
Greece
Hungary
Ireland
Italy
Latvia
Lithuania
Luxembourg
Malta
Netherlands
Poland
Portugal
Romania
Slovakia
Slovenia
Spain
Sweden
United Kingdom



## Fíorú agus tíolacadh

Dúnadh bailiúchán na sínithe do "Minority SafePack" in Aibreán 2018, le 1,320,246 ráiteas tacaíochta. Cuireadh na ráitis sin chuig na húdaráis náisiúnta atá freagrach as fíorú a dhéanamh orthu i ngach Ballstát. I ndiaidh an phróisis fhoirmiúil, rinne na húdaráis náisiúnta figiúr deiridh 1,123,422 síniú a bhailíochtú. Baineadh na tairseacha ba ghá amach in 11 Bhallstát[9].

Ina dhiaidh sin, tíolacadh an tionscnamh don Choimisiún Eorpach ar bhonn foirmiúil an 10 Eanáir 2020.

Bhí 'Minority SafePack' ar cheann de na chéad tionscnaimh chun straitéis fhadtéarmach a fhorbairt lena tíolacadh don Choimisiún Eorpach. Chuige sin, chuir FUEN foireann saineolaithe sa dlí Eorpach le chéile chun sraith nithiúil tograí reachtacha a fhorbairt bunaithe ar thograí an tionscnaimh. Treoir céim ar chéim a bhí ann go bunúsach maidir leis na pointí sin a chur chun feidhme i gcreat reachtach reatha an Aontais Eorpaigh. Cuireadh na tograí sin faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ina dhiaidh sin mar aon le teastais de na 1,123,422 ráiteas tacaíochta bailíochtaithe.

Chuir na heagraithe feachtas abhcóideachta i gcrích freisin mar chuid den straitéis sin. Tháinig na heagraithe le chéile agus chuir siad an tionscnamh i láthair do cheannairí stáit, d'ionadaithe rialtais, do chomhaltaí na bparlaimintí náisiúnta, do Pharlaimint na hEorpa agus do na rialtais réigiúnacha. Chuir na heagraithe in iúl gur "torthaí as cuimse a bhí i dtorthaí an fheachtais abhcóideachta: ghlac go leor réigiún ráitis tacaíochta, agus vótáil an Bundestag, Parlaimint na hUngáire agus Seomra Íochtarach na hÍsiltíre ar na rúin sin freisin. Níos mó fós, ba é 'Minority Safepack' an chéad tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh chun díospóireacht iomlánach a dhéanamh i bParlaimint na hEorpa, agus ina dhiaidh sin vótáil tromlach mór ar son an rúin".



9 https://europa.eu/citizens-initiative-forum/blog/minority-safepack-advice-ongoing-initiatives-adapt-new-setting_ga

# 3
# Tionchar an fheachtais Minority SafePack

## Scrúdú agus cinneadh an Choimisiúin

Tar éis an tionscnamh a bheith curtha isteach go foirmiúil an 10 Eanáir 2020, bhuail na heagraithe leis na Coimisinéirí Eorpacha **Věra Jourová** agus **Mariya Gabriel** an 5 Feabhra 2020.

Ina dhiaidh sin, an 15 Deireadh Fómhair 2020, reáchtáladh éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa. Feisirí ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, i gcomhpháirt leis an gCoiste um Achainíocha, chomh maith le feisirí ó choistí rannpháirteacha eile, tugadh le chéile iad don éisteacht. Labhair ionadaithe sinsearacha ón gCoimisiún Eorpach, ó Chomhairle na hEorpa, ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, agus ó Choiste na Réigiún le linn na héisteachta freisin. (Féach an phreaseisiúint)

Pléadh an tionscnamh ina dhiaidh sin ag seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa an 14 Nollaig 2020. An 17 Nollaig 2020, chuir Parlaimint na hEorpa a tacaíocht don tionscnamh in iúl trí rún a ghlacadh le 524 vóta ina fhabhar, 67 vóta ina choinne agus 103 staonadh. Chuir an Pharlaimint i bhfios go bhfuil asamhlú le sárú ag mionlaigh náisiúnta agus teanga san Aontas agus go bhfuil a dteangacha á gcailliúint acu, rudaí a bhfuil bochtaineacht teanga agus chultúrtha mar thoradh orthu. D'iarr Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún gníomhartha dlíthiúla a mholadh chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin. (Féach an phreaseisiúint)

An 14 Eanáir 2021 ghlac an Coimisiún Eorpach Teachtaireacht lena leagtar amach a chuid gníomhaíochtaí mar fhreagairt ar "Minority SafePack". Cuireadh chun suntais inti go bhfuil cuimsiú agus meas ar éagsúlacht chultúrtha shaibhir na hEorpa ar cheann de thosaíochtaí agus de chuspóirí an Choimisiúin. Mar sin féin, sonraíodh inti freisin go ndearnadh réimse leathan beart a thugann aghaidh ar ghnéithe éagsúla de thograí Minority SafePack a chur i bhfeidhm ó cuireadh an tionscnamh i láthair ar dtús in 2013. Rinneadh measúnú sa Teachtaireacht ar gach ceann de naoi dtogra aonair an tionscnaimh de réir a dtuillteanas féin, agus prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta á gcur san áireamh. Mar chonclúid, mheas an Coimisiún go gcuireann cur chun feidhme iomlán na reachtaíochta agus na mbeartas atá i bhfeidhm cheana féin armlann chumhachtach ar fáil chun tacú le spriocanna an tionscnaimh, agus níor moladh aon ghníomhartha breise dlí. (Féach an phreaseisiúint)



## Bearta leantacha

Tar éis fhoilsiú na Teachtaireachta ón gCoimisiún, chuir eagraithe “Minority SafePack” a gcuid míshástachta in iúl maidir leis an easpa bearta leantacha reachtacha. An 24 Márta 2021, rinne Coiste Saoránach an “Minority SafePack” iarratas le Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh chun an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an tionscnamh a chur ar neamhní.

## Leideanna agus cleasa d’eagraithe nua

- Teagmháil ghníomhach a dhéanamh le leibhéil éagsúla geallsealbhóirí féideartha. Tá sé riachtanach a bheith i láthair ar leibhéal an ghnáthphobail ach tá sé ríthábhachtach go mbeadh caidreamh ann freisin le ceannairí polaitiúla ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta chun go mbeadh rath ar do thionscnamh.
- Tóg do chuid ama chun smaoineamh ar an spriocphobal agus chun a chinntiú go bhfreastalaíonn do straitéis chumarsáide ar a gcuid riachtanas. Smaoinigh ar na teangacha éagsúla is féidir a úsáid le dul i bhfeidhm ar an spriocphobal, ar an tábhacht a bhaineann le scéalta áitiúla is féidir le daoine a thuiscint go héasca, agus ar uirlisí cumarsáide ar líne agus as líne araon. Tá sé tábhachtach teacht ar an lucht tacaíochta féideartha i mbealaí éagsúla.
- Ní thiteann rudaí amach de réir mar a bheartaítear an t-am ar fad. Má tá tú paiseanta faoi do chúis, smaoinigh go criticiúil ar d’fheachtas agus ceistigh na struchtúir agus na cinntí más gá. Athraigh an cúrsa nuair is gá.
- Cé go mbailítear cuid mhór sínithe ar líne sa lá atá inniu ann, ná déan dearmad ar an luach a bhaineann le dul chuig leibhéal an phobail. Is cuid riachtanach de scaipeadh do theachtaireachta é labhairt le daoine agus teagmháil a dhéanamh le pobail áitiúla agus a chinntiú go mbaineann d’fheachtas a spriocanna amach.
- Déan iarracht a bheith gníomhach ar na meáin shóisialta agus a chur ina luí ar phearsantachtaí áitiúla a bheith páirteach i do chúis, cuirfidh sé sin le hinchreidteacht an tionscnaimh.